C/2025/2259

10.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.11937 — WARBURG PINCUS / BERKSHIRE PARTNERS / TRIUMPH GROUP

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2259)

1. An 31 Márta 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Warburg Pincus LLC ('Warburg Pincus', na Stáit Aontaithe),

— Berkshire Partners LLC ('Berkshire Partners', na Stáit Aontaithe),

— Triumph Group, Inc ('TGI', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Warburg Pincus agus Berkshire Partners rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar TGI ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh é Warburg Pincus, a bhfuil a cheanncheathrú aige i Nua-Eabhrac, sna Stáit Aontaithe. Tá cuideachtaí punainne Warburg Pincus gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnáil na dtomhaltóirí, fuinneamh, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus teicneolaíocht, na meáin agus teileachumarsáid,

— Is infheisteoir ilearnálach i gcothromas príobháideach agus poiblí é Berkshire Partners. Infheistíonn foireann chothromas príobháideach an ghnólacht i gcuideachtaí a bhaineann le hearnálacha amhail seirbhísí gnó & tomhaltóirí, cúram sláinte, tionsclaíocht, agus teicneolaíocht & teileachumarsáid.

— Is monaróir agus soláthróir domhanda táirgí aeraspáis agus cosanta é TGI. Eagraíonn TGI a ghníomhaíochta i ndá dheighleog oibriúcháin: (i) Triumph Systems & Support agus (ii) Triumph Interiors, a fhreastalaíonn ar thionscal domhanda na heitlíochta, lena n-áirítear monaróirí buntrealaimh agus speictream iomlán na n-oibreoirí aerárthaí míleata agus tráchtála.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11937 — WARBURG PINCUS / BERKSHIRE PARTNERS / TRIUMPH GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË